

ATH-LÉARSCÁIL ÉIREANN

ILATHAIR na huairé tá obair ar bun ag an Oifig Suirbhéireachta Ordnáis chun sraith nua léarscáil d'Éirinn uilig a fhoilsiú. Gan cheist bainfear níos mó úsáide as na léarscáil seo ná mar a baineadh as eagrán ar bith go dtí seo. Forbairt tógála is cúis le seo, cuid mór, cé gur fíor é go guireann an tAcht Tithíochta is nuai méadú ar líon na léarscáil a bhíonn ag teastáil ó dhaoine atá ag iarraidh cead pleanála is tógála a fháil. Ach dá ainneoin seo is rud riachtanach é bunléarscáil cruinn a bheith ar fáil ag an dearthóir, bíodh sé ag tabhairt faoi teach cónaithe, monarcha nó príomhbhóthar. Faoi dhéanamh na léarscáil-canna seo agus faoin eagraíocht a fhoillsíonn iad an méid seo leanas.

Sé triantánú an dóigh is mó a úsáidtear le léarscáil de limistéir anmhór a chur le chéile. Ag braith ar an scála atá ag teastáil, leagtar síos córas de thriantáin, a bhfuil suíomh a mbunphoinntí ar colas go cruinn, ar an dtír ina iomlán.

Bíonn na bun-phoinntí seo so-fheicthe óna chéile agus tomhastar na huilleacha uilig sa chóras le cruinneas de $\pm 4''$. Deimhnítear go ndúnann na triantáin go léir trí suim na n-uilleann a bheith comhionann le $180^\circ \pm 4''$. Ciallaíonn sé seo obair ar an láthair de chaighdeán árd agus ní mór an caighdeán a bheith ar aon chéim feabhais tríd an córas. Déantar líne amháin a thomhas agus trí áireamh a faightear faidlíne ar bith eile trí Dlí na Síneas a úsáid.

Ar bhruacha thoir Loch Feabhail a tomhaiseadh an bun-líne don chéad eagrán de Léarscáilíocht Éireann i 1827-8. Le cabhair gléas a cheap Colonel Colby a bhí i gceannas an pháirtí sin—Barraí cúititheacha Colby—a deineadh é agus fuarthas 7.92 míle slí mar fhreagra. Ní raibh de dhifir idir an fhaid seo agus an fhaid a fuarthas trí triantánú ó bhun-líne Léarscáilíocht Shasana i Salisburg ach cúig órlaí—cruinneas an-ard ar fad.

San am úd bhí tiarnaí talún na hÉireann buartha faoi mí-ionannas cháin de bharr achair a seilbh a bheith áirithe mí-cheart. Mar thoradh ar bhrú mór polaitíochta a d'éirigh leo agus daoine mar iad a chur ar theachtaí Párlaiminte i Westminster tosaiodh ar an obair seo agus bunaíodh an Suirbhéireacht Ordnáis sa tír seo. Scála 6" in aghaidh an míle a bhí ag teastáil i dtosach ach in 1890 tugadh treoir ar léarscáil de 1/2500 a ullmhú.

Deineadh an obair seo contae i ndiaidh contae gan iarracht ar bith léarscáilíú na gcontae éagsúla a cheangail le chéile in aonad amháin. Dá réir sin bhí sé ri-dheacair comh-léarscáil a chur le chéile thar teorainn chontae. Seo é ceann de na príomh lochtanna ar eagrán foillsithe de léarscáilíocht Éireann, cuma cén scála é. Ní mór é a sheachaint sa sraith nua agus an tír a chlúdú le córas triantán mar a miníodh thuas. Ach tá nídh nó dhó eile neamh-ghnáthach le tabhairt faoi deara.

Athraíonn crut na tíre níos minicí agus níos tapúla anois ná ariamh agus is mó an iarracht atá a dhíth le léarscáil a choimeád suas chun dáta. Buiochas don chóras iompair feabhsaithe tá an méid sin ar siúl go sásúil. Ar ndóigh, úsáidtear gléasanna nua, gléasanna atá bunaithe ar phrionsabail leictreonacha, an teiliméadar mar shampla.

I gcúrsaí suirbhéireachta tá béim á

THE author is a Corkman, and graduated with a B.E. from U.C.C. in 1961. After a time as Assistant Engineer with C.I.E. in Dublin, he joined the Army Corps of Engineers in 1963 and was stationed in the Curragh.

He holds at present the appointment of 2 i/c. Ordnance Survey Company, Phoenix Park.

chur faoi láthair ar fad-thomhas thar uilleann—tomhas mar is díri an modh é, gan gá lena lán áireamh. De thoradh taighde eolaí san Aifric Theas, Dr. Waddell, a ceapadh an gléas ar a dtugtar an teiliméadar. Ga raidio a sheoladh ó phoinnte amháin go pointe eile mar a frith-caitear ar ais é, agus an difir atá idir an dá ga a thomhas is é go bunúsach a dheineann sé.

Anois is féidir an fhaid idir an dá phoinnte a mheas (mar atá luas an ga ar colas) mar uimhir áirithe den tonnfhaid ar a seoladh an ga. Annsin trí mhinicíocht na dtonnfhaid a athrú—10m, 100m, 1km, 1m, srl. agus ath-thomhas is féidir an fhaid a ríomhadh, más inchreidithe lucht díolta is déanta an gléas seo, don cm. is goire.

Ní thógann an obair seo ach 30 nóiméad ag ceathrar fear. £2,000 an costas ar cheann des na gléasanna seo ag cur san áireamh bataire, bairiméadar leis an fad tomhaiste a cheartú le fána agus dhá teomhéa (tirim is fliuch) le athraonadh an aerbhrat a thomas.

Tá réim an teiliméadar ó 30 méadair go dtí 100 km. agus dob iontach an rud é le líne a thrasnaíonn abha nó constaic eile mar é, ach ar ndóigh is fadhb é an chostas cé go bhfuil sé i gceist ag lucht a déanta rud níos saoire, gan é bheith chomh cruinn, a chur ar an margadh. Cá fios nach dtiocfaidh an t-am nuair nach mbeidh ribín cruaiigh ag aon innealtóir ach teiliméadar transoistire ina phóca go sásta.

DESIGN ENGINEER

Excellent opportunity for fully qualified senior. Experienced in the design of small pneumatic hydraulic hand tools.

Apply stating age, technical qualifications, experienced and salary required to:—

Geo. TUCKER EYELET Co. Ltd.

WALSALL ROAD, BIRMINGHAM 22B